# An Dá Reifreann Bhunreachtúla ar an 8 Márta 2024.

Ar an 7 Nollaig 2023, cheadaigh an Rialtas foilsiú an Bhille um an Naoú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (An Teaghlach) 2023 agus an Bille um an Daicheadú Leasú ar an mBunreacht (Cúram) 2023 agus reifreann a reáchtáil ar an 8 Márta 2024. Tá breiseolas maidir leis an dá reifreann an 8 Márta 2024 ar www.electoralcommission.ie

## Seo hiad na spriocanna d'iarratais ar vótáil sna Reifrinn Dé hAoine 8 Márta 2024:

| | |
|---|---|
| **Vótaí Speisialta/Post:** | **Dé Luain, 12 Feabhra 2024** |
| **Gach iarratas eile:** | **Dé Máirt, 20 Feabhra 2024** |

Is féidir iarratais a scaoileadh isteach ar líne ag www.CheckTheRegister.ie nó trí hiarraidh ar chóip chrua atá ar fáil ag:

- www.CheckTheRegister.ie (is féidir foirmeacha a íoslódáil)
- Glaoigh ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ar (091) 536400 nó seol ríomhphost chuig register@GalwayCity.ie

## MURAR FÉIDIR LIOM AN tIONAD VÓTÁLA A BHAINT AMACH AR LÁ AN VÓTA?

Má tá breoiteacht nó míchumas nó cúinsí slí bheatha nó staidéir ag cur cosc ort freastal ar an stáisiún vótala ar an lá vótála, d'fhéadfá a bheith i dteideal vótáil tríd an bpost.

### Vótóirí Speisialta

Is iad na toghthóirí atá i dteideal iarratas a dhéanamh ar stádas vótálaí speisialta ná daoine a bhfuil gnáthchónaí orthu in ospidéal, i dteach altranais nó in institiúid dá samhail nach bhfuil in ann dul go pearsanta chun vótáil ag stáisiún vótaíochta mar gheall ar bhreoiteacht nó míchumas ar dóigh dó leanúint ar aghaidh ar feadh na tréimhse cláraithe. I gcás iarratasóirí céaduaire, ní mór don fhoirm SV1 a bheith deimhnithe ag lia. Ní bheidh deimhniú leighis ag teastáil ó iarratais ina dhiaidh sin ach amháin má iarrann an t-údarás clárúcháin é.

### Vótóirí Poist

Déantar foráil do vótaí poist maidir le catagóirí áirithe daoine mar a shonraítear sa dlí toghcháin. Forálann an tAcht Toghcháin 1992 do vótáil phoist do chomhaltaí na nGardaí, do chomhaltaí lánaimseartha d'Óglaigh na hÉireann, agus do thaidhleoirí Éireannacha atá ag fónamh thar lear agus dá gcéilí. Le reachtaíocht a d'achtaigh an tOireachtas ina dhiaidh sin leathnaíodh vóta poist chuig catagóirí eile:

- Toghthóirí a chónaíonn sa mbaile nach bhfuil in ann vótáil go pearsanta ag a n-ionad vótála áitiúil ar lá an vóta mar gheall ar bhreoiteacht nó míchumas.
- Toghthóirí nach mbeadh sé d'acmhainn acu vótáil go pearsanta ag a n-ionad vótála áitiúil ar lá an vóta mar gheall ar a slí bheatha, a seirbhís nó a bhfostaíocht.
- Mic léinn lánaimseartha atá cláraithe ina dteach agus atá ina gcónaí in áit eile agus iad ag freastal ar fhoras oideachais sa Stát.
- Duine ar Toghthóir Gan Ainm nó baill de theaghlach an duine a mbeadh a shábháilteacht i mbaol dá bhfoilseofaí a (h)ainm agus a seoladh ar chlár na dtoghthóirí.
- Príosúnaigh - duine atá á choinneáil in aon áitreabh atá faoi choimeád dlíthiúil.

Tabhair cuairt ar www.CheckTheRegister.ie chun foirm a íoslódáil nó déan teagmháil le Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar (091) 536400 nó seol ríomhphost chuig register@galwaycity.ie chun do stádas vótálaí speisialta/vótálaí poist a sheiceáil nó chun fiosrú a dhéanamh faoi d'incháilitheacht.